# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Piotr SERAFIN

## Buiséad, Frith-chalaois, Riaracháin Phoiblí

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Bhí mé tiomanta riamh don choincheap go ndéanfaí mór-roinn láidir aontaithe den Eoraip. Is sa tseirbhís phoiblí atá mo shaol gairmiúil agus polaitiúil ar fad caite agam, agus bhí baint i gcónaí ag an Eoraip agus ag an Aontas Eorpach le creat níos leithne mo chuid oibre. Bhí réimse post agam a bhain le gnóthaí an Aontais i gcóras riaracháin na Polainne agus na hEorpa araon, agus bhí baint dhíreach ag go leor acu le saincheisteanna buiséid. Sa chéad phost a bhí agam, is ag tacú le Príomh-Idirbheartaí aontachas na Polainne leis an Aontas Eorpach a bhí mé, rud a raibh mé bródúil as. Ag cruinniú mullaigh stairiúil 2002 i gCóbanhávan, ag ar comhaontaíodh caibidlíocht aontachais deich dtír, thug mé comhairle i dtaca leis an bpacáiste airgeadais agus i dtaca le saincheisteanna a bhain le buiséad an Aontais. Bhí mé páirteach freisin san fheachtas roimh reifreann na Polainne i dtaca le haontachas leis an Aontas Eorpach, mar chomhúdar ar thuarascáil ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le ballraíocht san Aontas, i measc róil eile. I rialtas na Polainne bhí róil sa státseirbhís agus róil pholaitiúla araon agam, lena n-áirítear mar Státrúnaí Gnóthaí Eorpacha san Aireacht Gnóthaí Eachtracha, mar Sherpa an Aontais ag an bPríomh-Aire agus, le déanaí, mar Bhuanionadaí na Polainne chuig an Aontas Eorpach. Ar an taithí atá agam in institiúidí an Aontais Eorpaigh tá obair don Chomhalta den Choimisiún Eorpach um Chláreagrú Airgeadais agus an Buiséad, an tUasal Janusz Lewandowski, agus d'Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar Stiúrthóir fuinnimh, iompair agus teileachumarsáide. Ach ba é an ról ba thábhachtaí a bhí agam, agus an ról ba mhúnlaithí ar go leor bealaí, a bheith ag obair d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí, an tUasal Donald Tusk, mar Cheann a *Cabinet*. A bhuí leis an taithí sin go léir, chuir mé tuiscint chuimsitheach ar an Aontas, tuiscint a chuimsíonn gnéithe polaitiúla, airgeadais agus dlíthiúla an Aontais go léir nach mór. Ag an am céanna, tá tiomantas buanseasmhach léirithe agam do leas na hEorpa, d'aontacht na hEorpa agus do mo neamhspleáchas gairmiúil féin, sna comhaontuithe agus sna cinntí ar chuidigh mé lena n-ullmhú.

Is mian liom go neartófaí an tAontas Eorpach agus a aontaí atá sé a aontacht a neartú, chun leanúint d'fheabhas a chur ar shlándáil mhuintir na hEorpa, ar iomaíochas gheilleagar na hEorpa agus ar cháilíocht saoil na ndaoine. Má dheimhnítear m'ainmniúchán agus má chuirtear freagracht as buiséad an Aontais de chúram orm, rannchuideoidh mé chun Coimisiún Infheistíochta a dhéanamh den Choimisiún seo. Déanfaidh mé mo dhícheall na tosaíochtaí polaitiúla atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh ar bhealaí a dhéanfaidh fíordhifríocht do dhaoine ar fud na mór-roinne. Den mheon sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé gach iarracht teacht ar chomhaontú tráthúil i dtaca le Creat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh oiriúnach don fheidhm. Ag an am céanna, oibreoidh mé gan staonadh chun a áirithiú go ndéanfar gach cent d'airgead cháiníocóirí na hEorpa a chosaint ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile.

Ina theannta sin, déanfaidh mé mo dhícheall seirbhís shibhialta Eorpach níos nua-aimseartha, níos éagsúla agus níos solúbtha a bhaint amach ina mbeidh lucht saothair cumasach tiomanta. Beidh ár seirbhís shibhialta Eorpach, go háirithe lucht saothair an Choimisiúin Eorpaigh, ar thús cadhnaíochta i dtaca leis na tosaíochtaí polaitiúla a chur i gcrích don sainordú atá le teacht. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ba mhaith liom an Coimisiún a dhéanamh

níos ionadaí ar na daoine a ndéanaimid freastal orthu. Tá neart dul chun cinn déanta againn ó thaobh cothromaíocht inscne de ar fud leibhéal na bainistíochta, ach tá gá le tuilleadh oibre ina leith. Tríd is tríd, ní mór seirbhís shibhialta thiomnaithe ardoilte a bheith ar fáil don Aontas seo againne. Tá sé sin riachtanach i bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh atá ag teacht ar líon na gcúraimí a shanntar ar leibhéal an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh an méid sin ina chuid lárnach de mo mhisean.

I gcomhréir leis an oibleagáid atá luaite sa chomhaontú idirinstitiúideach, oibreoidh mé chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an modheolaíocht príomhshruthaithe inscne i mbuiséad reatha an Aontais. Mar chuid den ullmhúchán don bhuiséad fadtéarmach a bheidh ann amach anseo, i gcomhréir le ceanglas an Rialacháin Airgeadais, féachfaidh mé lena áirithiú go ndéanfar cláir agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí, i gcomhréir leis na rialacha ábhartha earnáilsonracha, agus prionsabal an chomhionannais inscne á chur san áireamh agus i gcomhréir le modheolaíocht iomchuí i dtaca le príomhshruthú inscne.

Táim ag teacht go hiomlán le huaillmhian Pharlaimint na hEorpa dearcadh daoine óga a chur sa mheá agus beartais an Aontais á múnlú. Ní mór dúinn éisteacht go géar le riachtanais agus le hábhair imní na nEorpach óg a bhfuil cúlraí éagsúla acu, gan beann ar a stádas sóisialta agus eacnamaíoch. Má dheimhníonn Parlaimint na hEorpa m'ainmniúchán, eagróidh mé Idirphlé maidir le Beartas Óige laistigh den chéad 100 lá den sainordú, in éineacht le comhaltaí eile den Choláiste, agus leanfaidh mé den obair sin le hidirphlé breise gach bliain.

Ar deireadh, ba mhaith liom a dheimhniú gur chomhlíon mé na hoibleagáidí uile i leith na n-institiúidí ar oibrigh mé dóibh, trína áirithiú, i measc bearta eile, gur cuireadh dearbhuithe leasanna airgeadais ar fáil go tráthúil agus go hiomlán. Mar a rinne mé i bhfeidhmeanna roimhe seo, leanfaidh mé d'fhuarlitir agus d'éirim an Chonartha a leanúint ar gach bealach, go háirithe an dualgas gníomhú ar mhaithe le leas na hEorpa, gan aon teagasc a ghlacadh. Cloífidh mé go hiomlán leis na rialacha infheidhme go léir i dtaca le sláine, neamhchlaontacht agus eitic, agus urramóidh mé an Cód Iompair do Chomhaltaí den Choimisiún Eorpach mar aon leis na forálacha atá ann i dtaca le coinbhleacht leasa. Tá mo dhearbhú leasanna líonta isteach agus leasófar é i gcás aon athruithe a bheidh le tuairisciú. Seachnóidh mé aon ról nó aon staid a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar mo neamhspleáchas, ar mo neamhchlaontacht agus ar m'infhaighteacht don Choimisiún. Geallaim go hiomlán go gcuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis agus mo chuid dualgas oifigiúil á gcomhlíonadh agam.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a dhéanamh maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, i gcáil an Choimisinéara um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, geallfaidh mé go gcuirfidh mé Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomlán faoi mo ghníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí mo ranna. Is réamhchoinníoll ríthábhachtach é sin chun go bhfeidhmeoidh an tAontas go maith agus go mbeidh sé éifeachtúil. Ina theannta sin, glacfaidh mé freagracht pholaitiúil as na gníomhaíochtaí i mo réimse inniúlachta, mar atá luaite sa litir mhisin a cuireadh chugam.

Tá rannpháirtíocht chuiditheach thráthúil le Parlaimint na hEorpa ríthábhachtach chun úinéireacht pholaitiúil agus torthaí fóinteacha a bhaint amach do mhuintir na hEorpa. Tá an comhar sin níos tábhachtaí fós i dtaca le mo shainchúraimíse, i bhfianaise ról Pharlaimint na hEorpa mar údarás buiséadach agus urscaoilte, mar chomhreachtóir (go háirithe don chéad ghlúin eile de chláir an Aontais), agus sa nós imeachta chun an Creat Airgeadais Ilbhliantúil a ghlacadh.

Ar na cúiseanna sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, bunóidh mé dlúthchaidreamh oibre leis an bParlaimint agus leis na coistí ábhartha i ngach céim den phróiseas ceaptha beartas chomh maith leis an idirphlé polaitiúil. Díreoidh mo chur chuige ar mhalartú faisnéise éifeachtúil rialta, bunaithe ar oscailteacht agus ar mhuinín fhrithpháirteach. Luaitear na prionsabail sin i dTreoirlínte Polaitiúla agus Litreacha Misin an Uachtaráin von der Leyen, ina leagtar

béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an caidreamh speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, urramóidh mé go hiomlán forálacha an Chreat-Chomhaontaithe nua a fógraíodh i dtaca leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún. Cuirfidh mé chun feidhme go hiomlán freisin an Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach san áireamh.

Tuigim go hiomlán an tábhacht a bhaineann le cóir chomhionann idir an Pharlaimint agus an Chomhairle, go háirithe ó thaobh faisnéis a sholáthar. Ní hamháin gur ceanglas Conartha é sin, ach is riachtanas daonlathach é freisin do Choimisinéir atá, mar Chomhalta den Choláiste, freagrach d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa a thoghtar go díreach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbeidh mé rannpháirteach i seisiúin iomlánacha, i ngach cruinniú coiste ábhartha agus i malartuithe tríthaobhacha. Coinneoidh mé sreabhadh rialta faisnéise ar bun freisin leis na Cathaoirligh agus le comhaltaí na gcoistí parlaiminteacha ábhartha. Beidh mo dhoras oscailte i gcónaí chun cruinnithe déthaobhacha a thionól agus chun dul i gcomhairle go forleathan ar ábhair thábhachtacha. Ar deireadh, maidir le ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún, ar ceisteanna iad a thagann faoi mo fhreagrachtsa, áiritheoidh mé go bhfreagrófar iad go tapa, go cruinn agus go cuiditheach.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Buiséid</u>

Tá tús curtha cheana féin leis an bplé ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, agus tá dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo roimh an Aontas. D'aithin an tUachtarán toghaí an gá atá le hathchóiriú domhain a dhéanamh ar bhuiséad an Aontais chun na dúshláin sin a shárú, agus d'iarr sí go mbeadh 'simplíocht agus solúbthacht, luas agus béim straitéiseach inár gcaiteachas' agus gheall sí go mbeadh togra ann le haghaidh buiséad fadtéarmach a bheadh níos dírithe, níos simplí agus a mbeadh tionchar níos mó aige le níos lú clár, nasc níos láidre idir athchóirithe náisiúnta agus infheistíocht náisiúnta agus athchóiriú ar mhaoiniú gníomhaíochta seachtraí.
Tá sé beartaithe leis na ceisteanna i scríbhinn chuig an gCoimisinéir ainmnithe um Buiséad léargas a thabhairt ar iarmhairtí praiticiúla an ghealltanais sin:

**3. Caiteachas agus buiséad an Aontais tar éis 2027:**

*Sa bhreis ar an gceanglas fiachas NextGenerationEU a aisíoc, liostaítear i dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin thoghaí roinnt tosaíochtaí nua agus reatha atá le cistiú faoin gcéad CAI eile. Sa chomhthéacs sin, cad é do mheasúnú ar na méideanna a bheidh ag teastáil chun beartais reatha a bhaint amach, tosaíochtaí nua a mhaoiniú agus fiachas NextGenerationEU a aisíoc?*

*Tugtar le tuiscint leis sin go ndéanfar athchóiriú domhain ar bhuiséad an Aontais i dtreo buiséad fadtéarmach a bheidh níos dírithe, níos solúbtha, a mbeidh tionchar níos mó aige agus a bheidh níos simplí. Cén chuma a bheidh ar ollstruchtúr CAI agus cad iad na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann leis an aistriú ó bhuiséad clárbhunaithe go buiséad beartasbhunaithe? Go sonrach, conas a dhéanfaidh sé sin difear do líon agus do chineál na gclár caiteachais agus conas a áiritheoidh tú nach laghdóidh aisíoc fhiachas NGEU an cistiú do bheartais an Aontais?*

Is ré é seo san Eoraip ina bhfuil athruithe ollmhóra ag tarlú – inár sochaithe agus ó thaobh na slándála de, i dtaca leis an bpláinéad agus leis an ngeilleagar freisin. I ngeall ar an luas ag a bhfuil na hathruithe sin ag tarlú, cruthaítear dúshláin nach féidir a réiteach ach trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha in Eoraip atá aontaithe. Tá léirithe go gcuireann buiséad an Aontais na bearta is tábhachtaí i gcrích dár saoránaigh, agus d'fheirmeoirí, taighdeoirí, gnólachtaí agus réigiúin ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, bainfidh mé úsáid as na huirlisí go léir a bheidh ar fáil dom chun cumhacht ár mbuiséid a chur faoi thodhchaí na hEorpa ar an mbealach is fearr is féidir.

Is léir an treo atá romhainn. Leagtar amach i dtreoirlínte an Uachtaráin thoghaí von der Leyen don Choimisiún nua 2024-2029 ár dtosaíochtaí comhchoiteanna agus na dúshláin atá romhainn. Ina measc sin tá rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe, cosaint agus slándáil, tacú le daoine agus ár sochaithe agus cáilíocht saoil a neartú, chomh maith le leas a bhaint as an Eoraip dhomhanda seo atá againn chun an daonlathas agus ár luachanna a chaomhnú. Baineann buiséad an Aontais le gach tosaíocht agus beidh iarracht chomhchoiteann na n-institiúidí go léir de dhíth ina leith. Bíodh sé soiléir: Feictear dom gur idirdhealú iomlán saorga é an t-idirdhealú idir 'sean agus

nua', 'traidisiúnta agus nua-aimseartha' – ní ann ach do riachtanais agus tosaíochtaí *Eorpacha*, rud nach mór don bhuiséad freagairt dóibh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.

Agus na gnéithe sin go léir á gcur sa mheá, creidim go láidir gur gá do bhuiséad an Aontais a bheith uaillmhianach ó thaobh méide agus dearaidh de chun na dúshláin atá romhainn a láimhseáil. Le go ndéanfaí 'Coimisiún Infheistíochta' den institiúid seo, tá gá ag an Aontas le hollstruchtúr airgeadais níos éifeachtúla a mbeidh tionchar níos mó aige. Ní mór go spreagfaidh buiséad an Aontais cistiú príobháideach agus institiúideach a ghiaráil agus go n-áiritheoidh sé comhtháthú le buiséid náisiúnta, trí chómhaoiniú ina measc, chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach. Beidh ioncam neartaithe nuachóirithe, go háirithe trínár n-acmhainní dílse nua, fíor-riachtanach chun go mbeidh buiséad an Aontais in ann ár gcuspóirí comhchoiteanna a chur i gcrích. Thairis sin, caithfear aisíocaíocht fhiachas NextGenerationEU a chur san áireamh go cuí freisin.

Sa chreat ilbhliantúil airgeadais reatha leagadh amach an bunús a bhí de dhíth chun dul i ngleic leis an iliomad dúshláin a bhí le sárú ag an Aontas le blianta beaga anuas, a bhuí freisin le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa. Ach léiríodh freisin go bhfuil easnaimh struchtúracha ann i dtaca lena chumas freagairt go pras do thosaíochtaí agus riachtanais nua, i bhfianaise a chastachta agus a dholúbthachta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé tiomanta d'oibriú le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit i dtreo buiséad nua a bheidh oiriúnach dár n-uaillmhianta: ceann a bheidh níos dírithe, níos simplí agus a mbeidh níos mó tionchair aige.

**Dírithe.** Cuirfidh mé buiséad beartasbhunaithe chun cinn chun cuspóirí an Aontais seo againne a bhaint amach. Go praiticiúil, is é atá i gceist leis sin buiséad a thacóidh le hearraí poiblí Eorpacha agus tionchar iarmharta dearfach lenár spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, go háirithe i dtaca le cosaint agus slándáil, rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe, agus daonlathas agus cothroime shóisialta. Beidh gá le líon níos lú clár ach cinn a bheidh níos dírithe, agus plean le haghaidh gach tíre lena nascfar príomh-athchóirithe le hinfheistíocht a bheidh spriocdhírithe ar na réimsí inar mó a bheidh gníomhaíocht an Aontais de dhíth. Beidh gá ár mbeartais agus ár n-uirlisí éagsúla a chomhordú, agus i gcásanna áirithe a chur in oiriúint, chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Mar shampla, beidh beartas neartaithe comhtháthaithe agus fáis san áireamh, a mbeidh réigiúin ina chroílár agus a bheidh ceaptha i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Is é an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach cnámh droma Eoraip atá aontaithe. D'fhonn iomaíochas agus comhtháthú an Aontais a fheabhsú, ní mór dúinn ár mbeartais agus ár n-uirlisí a chur in oiriúint do na dúshláin shonracha na mBallstát agus a réigiún, ar ceart dlúthbhaint a bheith acu le dearadh na mbeart agus na n-uirlisí sin, agus beidh orainn an nasc idir infheistíochtaí agus athchóirithe a neartú chun sineirgí a chothú. Buiséad atá bunaithe ar bheartais, beidh sé sin go maith in oiriúint chun nuálaíocht agus clisteacht a chur chun cinn san Eoraip. Taighde agus nuálaíocht, eolaíocht agus teicneolaíocht, is iadsan atá i gcroílár ár ngeilleagair. Ní mór dúinn neart iomlán na hEorpa mar lárionad cumhachta na nuálaíochta a chothú. Le Ciste Eorpach um Iomaíochas cuirfear an cumas infheistíochta ar fáil chun tacú le hearnálacha straitéiseacha atá ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais. Beidh sé dírithe ar riachtanais ár ngeilleagair agus ár gcuideachtaí, ag tosú lenár bhfiontair bheaga agus mheánmhéide ar dtús, agus ar an mbealach sin rannchuideoidh sé le dul i ngleic leis na saincheisteanna a sainaithnítear i dTuarascáil Draghi.

**Níos simplí.** Is ceart go mbeadh tairbhithe in ann rochtain a fháil ar chistí an Aontais go héasca agus go tapa, más mian linn difear a dhéanamh do shaol daoine. Tá caiteachas an Aontais spréite ar fud an iomarca clár. I gcás cuid de na cláir sin, cistítear na cineálacha céanna gníomhaíochtaí leo ach bíonn ceanglais éagsúla i gceist agus bíonn deacrachtaí ann an cistiú a chomhcheangal go héifeachtach. Mar a luaitear i dtuarascáil Draghi, 'where the EU does spend collectively, its effectiveness is hampered by fragmentation, complexity and rigidity [áit a gcaitheann an tAontas airgead go comhpháirteach, cuirtear isteach ar a éifeachtúlacht le hilroinnt, le castacht agus le dolúbthacht]'. Mar sin de, cuirfidh mé líon níos lú clár, ach cinn atá níos dírithe, chun cinn chomh maith le rialacha agus nósanna imeachta níos simplí chun rochtain a fháil ar chistí an Aontais. Níor cheart go mbeadh ar ár ngnólachtaí, fiontair bheaga agus mheánmhéide, mic léinn, taighdeoirí agus réigiúin déileáil le córas casta lena mbaineann an iliomad ionstraimí. Is príomhghnéithe iad rochtain ar fhaisnéis, rialacha incháilitheachta simplí intuartha, agus lúba aiseolais i dtaca lenár nósanna imeachta chun rochtain ar chistiú an Aontais a éascú.

**Níos mó tionchair.** Ní mór do gach euro a chaitear trí bhuiséad an Aontais difear a dhéanamh. Féadfaidh buiséad an Aontais rannchuidiú a thuilleadh chun caipiteal príobháideach a ghiaráil agus a dhí-rioscú, le tacaíocht ó bhainc le haghaidh spreagadh, Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta *in primis*. Beidh tábhacht leis sin freisin i réimse na cosanta, áit a n-oibreoimid leis na Ballstáit agus i ndlúthchomhar le hEagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh. Ar bhonn níos leithne, beidh giaráil níos fearr i dtaca le buiséad an Aontais ar bhealach amháin chun an maoiniú atá de dhíth don aistriú glas agus don aistriú digiteach a scaoileadh. Ar an gcuma chéanna, le maoiniú nuachóirithe do ghníomhaíocht sheachtrach cuirfear comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do gach taobh chun

cinn, rud a fhágfaidh go mbeidh tionchar níos mó ag an tacaíocht sin agus go mbeidh sí níos spriocdhírithe dár gcomhpháirtithe chomh maith le bheith níos ailínithe lenár leasanna straitéiseacha.

**Níos solúbtha.** Níl an creat airgeadais ilbhliantúil reatha oiriúnach go fóill do shaol an lae inniu ina mbíonn athruithe ag tarlú de shíor, ná don saol atá romhainn. In ainneoin an chéad athbhreithnithe lártéarma rathúil ar an gcreat, an chéad athbhreithniú dá leithéid riamh, is é sin an príomhcheacht a foghlaimíodh ó na ceithre bliana atá imithe thart. Oibreoidh mé i dtreo solúbthacht an bhuiséid a mhéadú. Ní mór dúinn an dolúbthacht a laghdú i dtaca le buiséid atá réamhshainithe go docht agus pleanáil acmhainní atá rócheaptha, chun an nós imeachta buiséadach bliantúil a dhéanamh níos ábhartha agus níos freagartha do riachtanais a athraíonn go tapa. Tá freagracht chomhroinnte ar an gCoimisiún agus ar an údarás buiséadach i dtaca leis sin. Tacóidh mé go láidir le húsáid níos fearr agus níos straitéisí a bhaint as an nós imeachta buiséadach bliantúil, úsáid a bheidh in ann aghaidh a thabhairt go fóinteach ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar riachtanais, nach mbíonn coinne leo, uaireanta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé tiomanta dul i gcomhairle agus dul i mbun malartuithe faisnéise go forleathan le gach páirtí leasmhar, go háirithe le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit, roimh thogra an Choimisiúin maidir leis an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Táim ag tnúth le smaointí agus tuairimí na Parlaiminte a fháil i dtaca le buiséad nua a cheapadh a bheidh oiriúnach dár n-uaillmhianta amach anseo.

**4. Ioncam agus maoiniú bhuiséad an Aontais tar éis 2027:**

*Ní luaitear i dtreoirlínte an Uachtaráin thoghaí acmhainní lasmuigh den ghlao ar 'ioncam treisithe agus nuachóirithe do bhuiséad an Aontais'. Ina litir mhisin, téann sí céim níos faide ag iarraidh ort 'gach foinse maoinithe a fhiosrú'.*

*Conas a áiritheoidh tú cistiú leordhóthanach agus inbhuanaithe dár dtosaíochtaí coiteanna? Conas a spreagfaidh tú an Chomhairle agus na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis na tograí reatha le haghaidh acmhainní dílse nua agus cén rogha chúltaca a bheidh ann, mura dtarlóidh sé sin? Ba é meastachán an Choimisiúin ar an ioncam go bhféadfadh a thogra leasaitheach 2023 maidir le hAcmhainní Dílse EUR 36 bhilliún a ghiniúint in aghaidh na bliana amhail ó 2028, an ndeimhníonn tú an meastachán sin? An bhfuil sé i gceist agat togra leasaitheach agus/nó togra nua a chur ar aghaidh? Má tá, cén cineál acmhainní dílse nua nó foinsí nua ioncaim a bhreathnóidh sé orthu agus cad iad na coigeartuithe a bheidh i gceist leis sin ar na hacmhainní dílse atá ann cheana agus atá beartaithe? Conas a áiritheoidh tú go mbeidh an buiséad comhardaithe?*

Is gá buiséad an Aontais a bheith comhardaithe i gcónaí. Is ceanglas é den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Comhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí airgeadais i gcónaí. Ceanglaítear leis an gConradh freisin go gcuirfidh an tAontas na modhanna ar fáil dó féin atá de dhíth lena chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chomhlíonadh. Faoi láthair, tá buiséad an Aontais á mhaoiniú le roinnt foinsí éagsúla, agus is é an ceann is mó acu sin na ranníocaíochtaí náisiúnta atá bunaithe ar sciar Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát de OIN an Aontais.

In aon chás, áiritheofar go hiomlán agus go tráthúil aisíocaíocht na méideanna a fuarthas ar iasacht faoi NextGenerationEU agus an t-ús a ghabhann leo. Níl aon amhras ann faoi sin, mar a léirítear leis an rátáil creidmheasa AAA atá ag iasachtaíocht an Aontais.

Leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse leagtar amach dhá pharaiméadar shoiléire i dtaca le haisíocaíocht iasachtaí NextGenerationEU: aisíocfar gach dliteanas go hiomlán faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí agus tiocfaidh laghdú seasta intuartha orthu i dtreo an dáta sin.

I gcás an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, beidh roghanna soiléire againn: ní féidir gurb ann, ag an aon am amháin, d'aisíocaíocht NextGenerationEU, easpa méadaithe ar ranníocaíochtaí náisiúnta le buiséad an Aontais, buiséad de chuid an Aontais atá oiriúnach dár n-uaillmhianta, agus easpa acmhainní dílse nua.

Is ar an ábhar sin a rinneadh iarraidh i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 ar acmhainní dílse nua a thabhairt isteach faoi 2026. Chuige sin, i mí an Mheithimh 2023, chuir an Coimisiún an pacáiste coigeartaithe i láthair, atá measta ioncaim dar luach tuairim agus EUR 36 bhilliún (i bpraghsanna 2018) a sholáthar in aghaidh na bliana ó 2028 ar aghaidh. Bunaithe ar na meastacháin atá ann faoi láthair, ghinfeadh na tograí atá ann cheana féin an t-ioncam is gá agus d'fhéadfaí iad a chur chun feidhme láithreach. Cuirfear meastacháin nuashonraithe ar fáil nuair is gá.

Déanfaidh mé gach iarracht dul chun cinn a dhéanamh i leith an mhéid sin, de mheon oscailte agus mé ag dul i mbun comhairle go gníomhach leis na huachtaránachtaí na Comhairle atá le teacht. Is beag ama atá ann chun é sin a chur i bhfeidhm, ach is féidir é a dhéanamh go fóill. Tá a fhios agam gur féidir liom a bheith cinnte de thacaíocht Pharlaimint na hEorpa.

**5. Sainchumais agus ról na Parlaiminte:**

*Cé go n-aithníonn an Pharlaimint an gá atá le simplíocht agus solúbthacht, luas agus béim straitéiseach inár gcaiteachas agus go dtugann sí dá haire, i ndáil leis sin, go bhfuil sé beartaithe ag an Uachtarán toghaí 'buiséad beartasbhunaithe, ní buiséad clárbhunaithe' a mholadh, ní mór seasamh lena sainchumais i gcomhréir leis na Conarthaí, leis an gCreat-Chomhaontú agus le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020.*

*Sa chomhthéacs sin, conas a áiritheoidh tú go n-urramófar go hiomlán na sainchumais, an grinnscrúdú daonlathach agus ról na Parlaiminte:*

- *mar chomhreachtóir, go háirithe trí theorainn a chur le húsáid na reachtaíochta tánaistí i dtaobh gnéithe bunriachtanacha de chláir chaiteachais an Aontais a leagan síos (amhail cuspóirí beartais, critéir incháilitheachta, etc.), agus le dul ar iontaoibh Airteagal 122 CFAE agus nósanna imeachta práinne;*

- *mar bhrainse amháin den údarás buiséadach, agus an buiséad bliantúil á leithdháileadh ar thosaíochtaí polaitiúla sonracha, mar shampla trí ainmníocht atá gráinneach go leordhóthanach a mholadh, chun go ndéanfaidh an t-údarás buiséadach cinntí feasacha;*

- *sa ghrinnscrúdú ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus na reachtaíochta ábhartha, lena n-áirítear sásra coinníollachta an smachta reachta, trí fhaisnéis rialta, thráthúil agus mhionsonraithe a sholáthar maidir le cur chun feidhme, chun formhaoirseacht dhaonlathach a chumasú;*

- *le linn phróiseas CAI, mar shampla trí bhearta nithiúla agus socruithe oibre a mholadh chun comhar idirinstitiúideach, idirphlé agus faisnéis rialta agus thráthúil don Pharlaimint a áirithiú ón gcéad lá de do théarma in oifig agus i gcomhréir le ról an Choimisiúin mar bhróicéir macánta?*

Is fíor-riachtanach iad dlisteanacht agus cuntasacht dhaonlathach chun muinín an phobail san Aontas agus ina institiúidí a áirithiú.

Tá mé tiomanta an comhar agus an plé idir ár n-institiúidí a neartú, bíodh sin i gcomhthéacs an nós imeachta buiséadach bliantúil, an chreata airgeadais ilbhliantúil nó aon ghné bhuiséadach eile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, urramóidh mé go hiomlán, agus cuirfidh mé chun feidhme go hiomlán, Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua.

Is iomaí cás ina raibh gá le bearta airgeadais eisceachtúla chun freagairt leormhaith a thabhairt ar na géarchéimeanna a bhí le sárú ag an Aontas le linn an tsainordaithe dheireanaigh, agus ba ghá dul ar iontaoibh Airteagal 122 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Mar a chuirtear i dtábhacht i dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin, leanfaidh an Coimisiún d'áirithiú nach rachfar ar iontaoibh uirlisí den chineál sin ach i gcásanna teoranta, i gcomhréir le téarmaí na forála sin. Dá mbeadh gá le dul ar iontaoibh Airteagal 122 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, i gcás aon chomhad den sórt sin a bheadh faoi mo shainchúraimse, freastalóidh mé go pearsanta ar chruinnithe na Parlaiminte leis an gCoimisinéir um an gCaidreamh agus an Trédhearcacht Idirinstitiúideach le bonn cirt iomlán lena úsáid a thabhairt, agus lánurraim á tabhairt don nós imeachta grinnscrúdaithe bhuiséadaigh a comhaontaíodh in 2020.

Táimid faoi chomaoin ag saoránaigh an Aontais agus ag a n-ionadaithe a bheith tiomanta go hiomlán an t-uasmhéid trédhearcachta a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht ár gcaiteachais bhuiséadaigh agus cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais, go háirithe in aghaidh na calaoise, coinbhleacht leasa agus sáruithe ar an smacht reachta. Stiúrfaidh mé go pearsanta obair an Choimisiúin ar an bpróiseas urscaoilte bliantúil, comhordóidh mé caidrimh le Parlaimint na hEorpa agus í ag feidhmiú mar an údarás urscaoilte agus le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tá mé tiomanta go mór don trédhearcacht, le go mbeifear in ann grinnscrúdú fóinteach a dhéanamh ar chur chun feidhme

na ngnéithe uile de bhuiséad an Aontais. Ar ndóigh, san áireamh leis sin tá cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta. Cinnteoidh mé go pearsanta go gcoinneofar an Pharlaimint ar an eolas go tráthrialta faoi aon dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le nósanna imeachta leanúnacha.

Ina theannta sin, chuirfeadh buiséad níos simplí agus níos solúbtha, a mbeadh líon níos lú clár ag baint leis, feabhas ar thábhacht na gcaibidlíochtaí buiséadacha bliantúla. Mar thoradh air sin, dhéanfaí atreisiú ar ról Pharlaimint na hEorpa mar bhrainse amháin den údarás buiséadach i dtaca le leithdháileadh an bhuiséid bhliantúil ar thosaíochtaí polaitiúla sonracha a thagann chun cinn go tapa.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go mbeidh rochtain ag an bParlaimint ar an bhfaisnéis ábhartha go léir lena sainchumais a fheidhmiú agus cinntí eolasacha a dhéanamh.

Tá sé ar intinn agam dul i mbun comhairle agus malartaithe go forleathan roimh ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil nua agus a bheith ag obair go dlúth le Parlaimint na hEorpa ar feadh na gcaibidlíochtaí chun comhaontú tapa tráthúil a áirithiú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, molfaidh mé ó thús mo théarma oifige plé tráthrialta a bheith agam le Rapóirtéirí na Parlaiminte maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua, ionas go mbeidh an deis againn tuairimí a mhalartú. Is mór agam tuairimí agus moltaí Pharlaimint na hEorpa agus táim ag tnúth le bheith i mbun comhairle libh i gcomhthéacs ár dtogra nua an leas is fearr is féidir a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha agus ó NextGenerationEU. Tá sé de fhreagracht chomhchoiteann orainn a áirithiú go bhfreastalóidh an chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais ar ár gcomhchuspóirí beartais ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé comhpháirtíocht agus comhar idir na hinstitiúidí Eorpacha chun cinn i gcónaí. Is ról agus dualgas an Choimisiúin é feidhmiú mar idirghabhálaí neamhspleách trí shaineolas teicniúil stuama a chur ar fáil agus trína áirithiú go n-éistfear le gach tuairim agus go gcuirfear sa mheá í. I ndáil leis an méid sin, táim tiomanta plé leanúnach a éascú le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle agus idir na trí institiúid, i gcomhréir lenár sainchumais faoi seach mar atá leagtha amach sna conarthaí. Táim réidh lena mheas, in éineacht le gach páirtí lena mbaineann, an féidir an comhar atá i bhfeidhm againn cheana a fheabhsú amach anseo, agus más féidir, conas é sin a dhéanamh.

Ceisteanna ón gCoiste um Rialú Buiséadach

**6. Cistí STA agus cistiú feidhmíochtbhunaithe amach anseo:**

*Is athrú suntasach ar mhaoiniú an Aontais í samhail seachadta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) sa mhéid go bhfuil eisíocaíocht cistí bunaithe ar chomhlíonadh na spriocanna agus na ngarspriocanna agus nach bhfuil baint aici le costais. Tharraing CIE agus an Pharlaimint araon aird ar easnaimh thromchúiseacha sa tsamhail a mhéid a bhaineann le rialú agus trédhearcacht. Gan feabhsuithe móra, ní féidir an seachadadh nua sin feidhmiú mar threoirphlean do chaiteachas an Aontais amach anseo.*
*Cad iad na pleananna a bheadh agat chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar chaiteachas STA, go háirithe chun maoiniú dúbailte a sheachaint, trédhearcacht a áirithiú trí fhaighteoirí deiridh cistí a thuairisciú agus urraim do cheanglais dhlíthiúla náisiúnta agus Eorpacha a áirithiú? Conas a chuirfidh tú na ceachtanna a foghlaimíodh ó dhearadh agus cur chun feidhme STA i bhfeidhm maidir le saoráidí feidhmíochtbhunaithe eile agus cad é do sheasamh maidir le saoráidí feidhmíochtbhunaithe a chruthú amach anseo, go háirithe sa chéad CAI eile? Conas a d'áiritheofá go ndíreodh na sásraí chun feidhmíocht a thomhas ar thorthaí seachas ar aschuir agus go seachnódh siad glas-snasú? Agus cistí bainistíochta dírí (mar is amhlaidh i gcás STA) agus cistí bainistíochta comhroinnte araon á gcur chun feidhme, cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun an t-ualach maorlathach a laghdú go suntasach, lena n-áirítear trí dhigitiú a mhéadú, agus chun a áirithiú go nginfidh cistí an Aontais fás?*

Tá treoshuíomh feidhmíochta bhuiséad an Aontais treisithe go mór le himeacht ama. Bhí tacaíocht Pharlaimint na hEorpa ríthábhachtach i dtaca le stóinseacht táscairí a fheabhsú agus sásraí sonracha a chur ar bun, cuir i gcás: creataí feidhmíochta lena ndéantar leithdháiltí a dháileadh go páirteach bunaithe ar chuspóirí a bhaintear amach; tabhairt isteach maoiniúcháin nach bhfuil nasctha le costais mar fhéidearthacht le haghaidh chistí an bheartais chomhtháthaithe agus mar riail faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, faoin gCiste Aeráide Sóisialta, faoin tSaoráid don Úcráin nó faoin tSaoráid le haghaidh na mBalcán Thiar; agus treoshuíomh feidhmíochta níos láidre sa Chomhbheartas Talmhaíochta a chuirtear ar fáil anois trí Phleananna Straitéiseacha.

Mar sin féin, tá go leor go fóill le foghlaim ón am a chuaigh thart, i dtaca leis na gnéithe a oibríonn go maith agus iad siúd atá le feabhsú araon. Chuige sin, aithním agus is mór agam ról na Parlaiminte agus, go háirithe, ról an Choiste um Rialú Buiséadach, agus ról Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtaca le feidhmiú ionstraimí agus cláir éagsúla a mheas agus é d'aidhm acu iad a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos fearr. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé a dtorthaí agus a moltaí san áireamh go cuí agus ollstruchtúr an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile á dhearadh.

Mar a luadh sa fhreagra roimhe seo, táimid faoi chomaoin ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus ag a n-ionadaithe a bheith tiomanta go hiomlán an t-uasmhéid trédhearcachta a chur ar fáil. Sa chomhthéacs sin, cuirim fáilte mhór roimh an Rialachán Airgeadais athbhreithnithe lena n-áiritheofar ó 2028 ar aghaidh go bhfoilseofar sonraí fhaighteoirí chistiú an Aontais i dtaca le buiséad iomlán an Aontais, agus i dtaca le gach modh bainistíochta, cláir fheidhmíochtbhunaithe sna Ballstáit ina measc.

Tá údar cuí le hiarrataí na mBallstát agus na bpáirtithe leasmhara ar shimpliú, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, freagróidh mé dóibh. Ní mór dúinn an t-ualach riaracháin a laghdú i gcás na dtairbhithe go léir, i.e. gnólachtaí, feirmeoirí, saoránaigh agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis náisiúnta, údaráis réigiúnacha agus údaráis áitiúla; agus rialú éifeachtach chistí an Aontais á áirithiú againn ag an am céanna. Dá chasta na rialacha, is é is mó baol go ndéanfar botúin ó thaobh caiteachais de. Agus buiséad níos simplí agus níos dírithe ag an Aontas, laghdófar d'aon turas riosca na mbotún agus neartófar bainistíocht fhónta airgeadais an bhuiséid.

Chuige sin, cuirfidh mé an digiteáil chun cinn go mór chun an t-ualach riaracháin a laghdú do thairbhithe chistiú an Aontais. Is ceart go gcuirfeadh an digiteáil feabhas ar an uirlis mianadóireachta sonraí agus scórála riosca a chuireann an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit chun rialú agus iniúchóireacht a fheabhsú. I measc cuspóirí eile, tá sé d'aidhm aige neamhrialtachtaí tromchúiseacha a sheachaint, cuir i gcás cistiú dúbailte, calaois agus coinbhleacht leasa. Déanfaidh mise mo sheacht ndícheall a áitiú ar na Ballstáit uile cur i bhfeidhm céimneach éigeantach na huirlise mianadóireachta sonraí agus scórála riosca sin a thabhairt isteach. Ba cheart an uirlis a bheith idir-inoibritheach le bunachair sonraí na mBallstát féin lena chinntiú go mbailítear na sonraí agus nach ndéanfar iad a stóráil ach aon uair amháin. An lárú faisnéise sin, ba cheart é a chur i bhfeidhm i dteannta le gníomhaíochtaí eile chun an t-ualach riaracháin a laghdú agus na caighdeáin is airde cosanta á n-áirithiú ag an am céanna i gcás leasanna airgeadais an Aontais, cuir i gcás an cur chuige iniúchóireachta aonair nó ionad ilfhreastail a chur ar bun le haghaidh thairbhithe chistí an Aontais. Sin sampla amháin lena léiriú gurb iomaí bealach is féidir na rialacha lena rialaítear caiteachas an Aontais a shimpliú agus a shruthlíniú a thuilleadh.

Oibreoidh mé i gcomhar le gach páirtí leasmhar agus cláir bhuiséadacha an Aontais amach anseo á ndearadh, agus cuirfear an méid atá foghlamtha ó thaithí na linne seo san áireamh, go háirithe ó thaobh feidhmíochta, simplíochta agus solúbthachta, luais agus fócais straitéisí de, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh ag an am céanna.

**7. Ollstruchtúr Frithchalaoise:**

*Le cruthú OIPE, bhain ollstruchtúr Frithchalaoise an Aontais garsprioc thábhachtach eile amach, ach in éagmais aon chomhordú ar an iliomad comhpháirteanna lena mbaineann, is cosúil go bhfuil na torthaí maidir le buiséad an Aontais a chosaint fo-optamach.*
*Cad iad na bearta atá beartaithe agat a dhéanamh chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais ar bhealach inláimhsithe agus intomhaiste? Chun feabhas a chur ar do chuntasacht mar Choimisinéir atá freagrach as an ollstruchtúr frithchalaoise, cad iad na bearta a mholfaidh tú chun comhordú níos fearr a áirithiú idir gach comhpháirt den tírdhreach frithchalaoise, lena n-áirítear OLAF, OIPE, Europol agus Eurojust? An bhféadfadh sineirgí agus torthaí níos fearr a bheith mar thoradh ar chumasc, e.g. cumasc OLAF agus OIPE, agus conas is féidir feabhas a chur ar na haisghabhálacha ó chaiteachas calaoiseach agus neamhrialta?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sé mar chuid de mo thascanna laethúla a áirithiú go mbaineann an Coimisiún ardchaighdeáin rialála airgeadais amach agus buiséad an Aontais a chosaint ar an mbealach is éifeachtaí, go háirithe ar na rioscaí is tromchúisí amhail calaois, éilliú, coireacht eagraithe, agus coinbhleachtaí leasa. Táim lánchinnte de, i dtaca le sásraí éifeachtacha lena gcosnaítear buiséad an Aontais Eorpaigh ar an gcalaois, gur cheart iad a mheas mar chuid lárnach den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, is é sin a spreagfaidh mo chuid oibre i leith an ollstruchtúir

frithchalaoise a fhorbairt/a neartú, rud atá ar phríomhfhreagrachtaí an Choimisiúin, in éineacht le comhlachtaí imscrúdaithe neamhspleácha atá ann cheana, cuir i gcás Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

Leanfaidh mé d'fheabhas a chur ar fheidhmíocht fhoriomlán ár gcaiteachais bhuiséidigh agus ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise agus an éillithe, trí bhearta agus tionscnaimh nithiúla a thabhairt isteach agus sin á dhéanamh i gcomhar leis na Coimisinéirí a bheidh i gceannas ar na réimsí beartais éagsúla. Mar shampla, tá sé beartaithe agam gníomhaíochtaí frithchalaoise coisctheacha an Choimisiúin a atreisiú agus a fheabhsú. Le Straitéis Fhrithchalaoise an Choimisiúin cuirtear úsáid mhéadaithe uirlisí digiteacha, comhoibriú agus ollstruchtúr frithchalaoise atreisithe ar bharr an chláir oibre frithchalaoise, agus oibreoidh mise i dtreo bhaint amach na gcuspóirí sin. Tar éis athbhreithniú an Rialacháin Airgeadais, is ceart leas a bhaint as féidearthacht iomlán an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh chun deireadh a chur le gach cás atá ina bhagairt do bhuiséad an Aontais. Tá gá freisin le feabhas a chur ar úsáid na n-uirlisí mianadóireachta sonraí agus scórála riosca chun neamhrialtachtaí tromchúiseacha a sheachaint, cuir i gcás coinbhleachtaí leasa nó cistiú dúbailte. Tá sé i gceist agam freisin na Ballstáit a ghríosadh chun úsáid iomlán a bhaint as an gCóras Bainistíochta Neamhrialtachtaí, arb é an uirlis TF a úsáideann siad chun neamhrialtachtaí agus calaois a thuairisciú. Le sonraí iomlána ar ardchaighdeán beifear in ann anailís níos fearr a dhéanamh agus tuiscint níos fearr a chur ar fhorbairtí sa réimse sin.

Tá sé beartaithe agam oibriú i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta lena áirithiú go mbeidh coimircí láidre frithéillithe sa bhuiséad fadtéarmach a bheidh ann amach anseo i leith gach ciste, agus go dtiomnaítear cistiú na hEorpa le tacú le bearta náisiúnta chun éilliú a chomhrac agus leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstáit a chosaint.

A mhéid a bhaineann le bearta *ex-post* chun buiséad an Aontais a chosaint, déanfaidh mé measúnú iomlán ar chóras iniúchóireachta an Choimisiúin féin i leith calaois a bhrath, féachaint an féidir é a fheabhsú agus más féidir, conas é sin a dhéanamh, chomh maith le creat na n-iniúchtaí a dhéanann údaráis náisiúnta. Ina theannta sin, in éineacht leis na Coimisinéirí ábhartha, tá sé i gceist agam breathnú ar bhealaí chun éascú a dhéanamh ar ionchúiseamh cásanna éillithe trasteorann a chuireann isteach ar chistí an Aontais agus nach féidir leis na Ballstáit a láimhseáil ina n-aonar.

Comhar éifeachtach a áirithiú idir na gníomhaithe frithchalaoise ar fad, tá sé ríthábhachtach don chomhrac in aghaidh na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon. Dá bhrí sin, d'fhonn an comhar eatarthu a neartú a thuilleadh, tá sé beartaithe agam athbhreithniú ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais a stiúradh. Sa chomhthéacs sin agus mé ag obair go dlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, agus leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce, bainfidh mé leas as na meastóireachtaí atá ar siúl faoi láthair agus na meastóireachtaí atá le teacht ar na rialacháin a bhaineann le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (EUROJUST). Bunaithe ar thoradh na meastóireachtaí sin, d'fhéadfadh athbhreithniú féideartha ar na hionstraimí dlí bainteacha deis a chur ar fáil chun níos mó sineirgí a chruthú agus an leas is mó is féidir a bhaint as comhlántachtaí. Mholfainn freisin athbhreithniú ar a socruithe oibre i gcás inar gá sin, chun comhar réidh a éascú. Sa chomhthéacs sin, tá sé i gceist agam freisin oibriú go dlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, agus leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce chun creat a chomhordú le haghaidh malartuithe faisnéise agus comhar atá tráthúil éifeachtach idir na comhlachtaí éagsúla imscrúdaithe, ionchúisimh agus forfheidhmithe dlí ar leibhéal an Aontais.

Agus aird ar leith á tabhairt ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, leanfaidh mé de bheith ag tacú léi agus í ag cur a misean tábhachtach i gcrích go rathúil, is é sin imscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar neamhrialtachtaí agus ar chalaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Déanfaidh mé measúnú freisin féachaint an gá a sainordú a athbhreithniú, e.g. chun an tacaíocht a neartú d'fhorfheidhmiú dhlí an Aontais i gcás cásanna calaoise a bhaineann le Ballstáit éagsúla. Ina theannta sin, stiúrfaidh mé plé ar threoirlínte inmheánacha an Choimisiúin i dtaca le húsáid thuarascálacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise.

Tá an Coimisiún ag tacú agus ag comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ó mhí an Mheithimh 2021, nuair a chuir an Oifig sin tús lena gníomhaíochtaí oibriúcháin. Tá sé ar intinn agam Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a spreagadh agus leanúint de bheith ag tacú léi agus í ag cur a misean i gcrích go rathúil, is é sin coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Ar deireadh, is ceart go mbeadh aisghabháil níos airde de chistí an Aontais mar thoradh air sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé tiomanta freisin úsáid

an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh a neartú, bunaithe ar fhíricí a shuí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ina himscrúduithe. Leis an meastóireacht atá ar siúl faoi láthair ar Rialachán Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, leagfar bunchloch síos le haghaidh gníomhaíochtaí féideartha amach anseo a bheadh dírithe ar ról na hOifige sin i dtaca le coireanna tromchúiseacha a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Tá sé beartaithe agam freisin tacú le malartuithe níos doimhne ar an leibhéal teicniúil idir ranna an Choimisiúin agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, cuir i gcás chun réitigh a aimsiú i dtaca le malartú faisnéise, nó chun aon bhearna líomhnaithe i dtaca le brath calaoise a phlé.

Ní mar an gcéanna atá róil agus sainchumais na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh laistigh den ollstruchtúr frithchalaoise, ach is róil agus sainchumais chomhlántacha iad. Ar thaobh amháin, is oifig ionchúisimh phoiblí neamhspleách den Aontas Eorpach í Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, í freagrach as imscrúduithe coiriúla a dhéanamh, agus coireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais. Ar an taobh eile, is é a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise beartas frithchalaoise a fhorbairt le haghaidh an Choimisiúin, chomh maith le himscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar chásanna calaoise agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile in aghaidh bhuiséad an Aontais, agus ar éilliú agus ar mhí-iompar tromchúiseach ar an leibhéal riaracháin, gan de chumhacht aici tabhairt faoi imscrúduithe coiriúla agus ionchúisimh. Seachas cumasc an dá chomhlachta sin a phlé, óir ní dócha go mbeadh sé sin indéanta ó thaobh an dlí de, creidim gur cheart dúinn díriú ar a gcomhar agus a gcomhlántacht a fheabhsú chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú, agus is tosaíocht é sin i mo shainordú. Chun buiséad an Aontais a chosaint go cuimsitheach, is gá bearta coiriúla agus riaracháin araon d’fhonn airgead an Aontais a chosaint.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, is é a bheidh ina phríomhchuspóir agam a áirithiú go ndéanfar aon chiste a fuarthas go neamhrialta a aisghabháil agus a chur ar ais i mbuiséad an Aontais, go dtabharfar os comhar na cúirte go pras agus go héifeachtúil iad siúd a dhéanann coir in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát, agus go bhforchuirfear pionóis éifeachtacha agus díspreagthacha orthu.

**8. Sásra Coinníollachta an Smachta Reachta:**

*Ba éacht tábhachtach é an Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta faoin téarma reachtach roimhe seo ós rud é go ndearnadh, leis an rialachán sin, eisíoc chistí an Aontais leis na Ballstáit coinníollach ar chaighdeáin an smachta reachta a urramú. In ainneoin oibleagáidí dlíthiúla soiléire a bheith ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas, ba ghnách na meáin a bheith níos eolaí ná an Pharlaimint.*
*Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun do chuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh maidir le Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas go hiomlán agus gan mhoill, agus chun a bheith ar fáil gan srian le haghaidh idirphlé struchtúrtha?*
*Conas a áiritheoidh tú go n-urramófar go hiomlán an smacht reachta agus luachanna an Aontais i gcur chun feidhme chistí an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo? Conas a sheachnóidh tú contrárthachtaí agus conas a áiritheoidh tú cur chuige comhleanúnach i gcur i bhfeidhm na n-uirlisí atá ann cheana, lena n-áirítear an sásra coinníollachta, na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha agus an tuarascáil maidir leis an smacht reachta chun an cuspóir sin a chomhlíonadh? Cad iad na socruithe oibre a chuirfidh tú i bhfeidhm chun comhoibriú leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, um Cheartas agus um an Smacht Reachta?*

Tacóidh mé go láidir le gealltanas an Uachtaráin thoghaí von der Leyen an smacht reachta a neartú le linn théarma an Choimisiúin nua agus, má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh mé ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leis an bParlaimint ar an ábhar ríthábhachtach sin. Ní mór an smacht reachta a urramú chun cistí de chuid an Aontais a fháil.

Bhí, agus tá, ról na Parlaiminte ríthábhachtach i dtaca leis an gcóras ginearálta coinníollachta a thabhairt isteach. I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Coinníollacht, cuirfidh mé an Pharlaimint ar an eolas láithreach i dtaca le haon bheart a mholfar, a ghlacfar nó a thógfar dá bhun. Thairis sin, beidh mé ag tnúth le comhar seasta idir an dá institiúid i dtaca leis na saincheisteanna sin.

Agus muid ag féachaint chun cinn, má dheimhnítear m’ainmniúchán mar Choimisinéir, molfaidh mé coimircí láidre i dtaca le cosaint an smachta reachta sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Chuirfidís le cur i bhfeidhm an chórais ghinearálta coinníollachta maidir leis na cistí uile. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn ceachtanna a fhoghlaim ón taithí a fuaireamar agus an buiséad reatha agus NextGenerationEU á gcur chun feidhme. Mar shampla, tá léirithe leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus leis na coinníollacha cumasúcháin faoin

mBeartas Comhtháthaithe conas is féidir le buiséad an Aontais athchóirithe a chur chun cinn a neartaíonn an smacht reachta sna Ballstáit. Ag an am céanna, tá léirithe le cur i bhfeidhm coinníollacha a bhaineann leis an smacht reachta, ar coinníollacha iad atá nasctha le cistiú in ionstraimí éagsúla, go bhfuil féidearthacht ann i dtaca leis na rialacha a shruthlíniú le go mbeidh siad fiú níos éifeachtaí fós.

Baineann éilliú an bhonn de mhuinín na saoránaigh as riarachán poiblí, chomh maith lena éifeachtacht, agus ar an dóigh sin déantar dochar don mhéid atáimid ag iarraidh a bhaint amach le buiséad an Aontais: ní mór dúinn beartas neamhfhulaingthe a choinneáil i bhfeidhm i leith an éillithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, chomh maith le Coimisinéirí ábhartha eile, le cuidiú chun cur chuige cuimsitheach soiléir a fhorbairt don Aontas i leith an fhrithéillithe agus lena áirithiú go dtiomnaítear cistiú an Aontais do bhearta náisiúnta atá dírithe ar neartú an smachta reachta, mar shampla trí bhearta maoiniúcháin chun an t-éilliú a chosc agus a chomhrac agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Is tábhachtach an fhoinse í an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta agus na moltaí a ghabhann léi chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an smacht reachta sna Ballstáit. Tá an Tuarascáil i gcroílár na measúnuithe a dhéantar faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Ní mór go léireoidh na torthaí faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, na cinn a thagann ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta san áireamh, an nasc le buiséad an Aontais i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin maidir le Coinníollacht, measúnú nach mór a bheith bunaithe ar fhianaise mar atá deimhnithe ag an gCúirt Bhreithiúnais.

Amach anseo, ní mór dúinn oibriú i dtreo an nasc idir tacaíocht airgeadais agus moltaí na mBallstát ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta a neartú a thuilleadh.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla</u>

**9. Riarachán poiblí**

*Mar Choimisinéir ainmnithe atá freagrach as an Riarachán Poiblí, conas a áiritheoidh tú gur féidir leis an Eoraip leas a bhaint as riarachán poiblí nua-aimseartha agus éifeachtúil chun beartais an Aontais a chur i gcrích agus difear a dhéanamh d'Eorpaigh ina saol laethúil, agus na moltaí don Choimisiún, arna nglacadh ag an bParlaimint an 22 Samhain 2023 i gcomhréir le hAirteagal 225 CFAE, i ndáil le togra reachtach, ar bhonn Airteagal 298 CFAE, le haghaidh rialachán maidir le riarachán oscailte, éifeachtúil agus neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaigh (féach rún A9-0309/2023-2021/2161(INL) ó PE), agus i ndáil leis na prionsabail lena dtreoraítear digitiú na nósanna imeachta riaracháin agus i ndáil leis na prionsabail chun réitigh dhigiteacha a fhorbairt agus a úsáid á gcur san áireamh freisin?*

Caithfidh an Eoraip freastal ar scála na gcúiseanna imní agus na ndúshlán atá le sárú ag daoine sa saol, agus réitigh chuimsitheacha a chur ar fáil a dhéanann athrú ollmhór dár sochaithe ionas nach bhfágfar aon duine ar lár. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh mé tiomanta go hiomlán riarachán nua-aimseartha éifeachtúil a áirithiú, ceann a chuirfidh ár dtosaíochta polaitiúla i gcrích mar atá leagtha amach sa litir mhisean a chuir an tUachtarán toghaí chugam. Is mian liom riarachán a bheith againn atá ní hamháin éifeachtach ach atá in ann dul in oiriúint freisin do na deiseanna agus na dúshláin a thagann chun cinn, idir bhrú ard ar acmhainní agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua, agus ullmhú le haghaidh aontas a bheidh níos mó amach anseo.

Agus an fhís sin á saothrú agam, beidh mé cruthaitheach agus uaillmhianach, agus breathnóidh mé ar an bhféidearthacht tuilleadh nuachóirithe a dhéanamh ar ár riarachán poiblí. Chuige sin, déanfaidh mé athbhreithniú mórscála ar eagrúchán agus oibríochtaí an Choimisiúin, agus comhlánfar an méid sin le cleachtadh tagarmharcála seachtrach. Aithním nach féidir an cleachtadh cuimsitheach sin a dhéanamh i m'aonar. Sin an fáth a gcuirfidh mé meitheal mhachnaimh Ardleibhéil le chéile, meitheal a mbeidh léargais agus saineolas a ball an-luachmhar agus a rannchuideoidh leis an bpróiseas lena saineofar todhchaí sheirbhís phoiblí an Choimisiúin. Tá sé ar intinn agam freisin leas a bhaint as an eolas fairsing atá ar fáil laistigh de líonraí atá ann cheana, cuir i gcás Líonra na Riarachán Poiblí Eorpach, agus as an taithí a fuarthas ó athbhreithnithe a rinneadh roimhe.

Agus mé ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin, go háirithe i dtaca le cothromaíocht inscne, leanfaidh mé d'ár n-iarrachtaí i dtreo lucht saothair iléagsúil ionchuimsitheach a dhéanfaidh ionadaíocht níos fearr ar na daoine ar a bhfreastalaímid. Is réamhriachtanas bunúsach é láthair oibre sábháilte chuige sin, agus – má dheimhnítear m'ainmniúchán – bainfidh mé leas as beartas frithchiaptha nuachóirithe an Choimisiúin a mhéid is

féidir chun cultúr measa agus muiníne a chothú. Tabharfaidh mé aird ar leith freisin ar chothromaíocht gheografach fhoireann an Choimisiúin a fheabhsú. Ar deireadh, leanfaidh mé den obair atá ar siúl chun slándáil ár bhfoirne agus ár bhfoirgnimh a fheabhsú.

Bunchloch eile atá chomh tábhachtach céanna i dtaca le seirbhís shibhialta na todhchaí is ea bainistíocht an-éifeachtach ar thallann. Beidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a chumas an tallann is fearr a mhealladh ó na Ballstáit uile agus teagmháil a choinneáil leis na daoine sin feadh a ngairm agus iad a fhorbairt, agus beartas soghluaisteachta mar bhonn taca leis sin, ar beartas é a chuirfidh ar a gcumas d'fhoirne a bheith rathúil agus rannchuidiú lenár dtosaíochtaí.

Tá dul chun cinn nach beag déanta cheana féin i dtreo seirbhís shibhialta ghlas dhigiteach agus tá timpeallacht oibre éifeachtúil cruthaithe atá nua-aimseartha agus inbhuanaithe. Tá an fhoireann anois ag obair i dtimpeallacht oibre atá go hiomlán hibrideach agus iad ag baint úsáid éifeachtúil as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus uirlisí bainistíochta eolais nua. Is é an aidhm atá agam tógáil ar an dul chun cinn sin agus céimeanna níos mó, fiú, a thógáil i dtreo modhanna agus struchtúir oibre atá solúbtha comhoibríoch, agus próisis agus beartais acmhainní daonna atá sruthlínithe agus simplithe ag tacú leis an obair sin. Tá na nithe sin riachtanach chun go mbeidh ranna an Choimisiúin in ann tosaíochtaí beartais atá ag dul i méid a chur i gcrích le hacmhainní teoranta.

Agus mé tiomanta do na spriocanna sin, geallaim go gcuirfidh mé comhchuibhiú, comhar agus sineirgí méadaithe le hinstitiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais chun cinn – i gcomhthéacs an athbhreithnithe mórscála ar eagrúchán agus oibríochtaí an Choimisiúin san áireamh – ag féachaint le riarachán poiblí nua-aimseartha éifeachtúil a chur ar fáil do sheirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh ina hiomláine.

Tagaim freisin le cuspóir na Parlaiminte seirbhís riaracháin AE thrédhearcach, inrochtana, chóir agus éifeachtúil a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, ceann a bheidh bunaithe ar threoirphrionsabail shoiléire i dtaca le nósanna imeachta riaracháin digiteálaithe, mar a chuir an tOllamh Draghi i dtábhacht ina thuarascáil le déanaí.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gCoimisiún i dtreo na cuspóra sin, agus i measc an mhéid atá bainte amach go dtí seo tá a shamhail IS féin forbartha aige i réimse an mheaisínaistriúcháin chun bacainní teanga a shárú agus chun idirghníomhú shaoránaigh le seirbhís riaracháin an Aontais a éascú. Is é an aidhm atá agam cur leis an saineolas sin chun tacú a thuilleadh leis an ilteangachas le samhail teanga mhór an Aontais, lena gcuirtear seirbhísí ilteangacha IS-bhunaithe ar fáil i ngach teanga den Aontas, rud a fheabhsaíonn inrochtaineacht riarachán an Aontais agus seirbhísí poiblí digiteacha.

Táim ar an eolas faoi iarraidh seanbhunaithe Pharlaimint na hEorpa le haghaidh rialachán coiteann amháin maidir le nósanna imeachta riaracháin, go háirithe i rún mhí na Samhna 2023 uaithi faoi Airteagal 225 CFAE. Thug an Coimisiún freagra ar an iarraidh sin i mí Feabhra 2024, agus d'fhógair sé obair ullmhúcháin ar an mbeart leantach is iomchuí chun go dtabharfaí freagairt dhearfach. Cuirfidh an obair leanúnach sin ar a chumas don chéad Choláiste eile cinneadh a dhéanamh faoi na bearta nithiúla – gníomh reachtach féideartha san áireamh – is fearr chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí na Parlaiminte.

Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

*10. Conas a bheartóidh tú leanúint den Rialachán maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir le neamhréireachtaí i meastóireacht a dhéanamh ar thagarmharcanna an smachta reachta faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, faoi Rialachán STA agus faoin Rialachán Airgeadais a athmhúnlaíodh le déanaí? An bhfuil tú toilteanach gealltanas a thabhairt na hionstraimí sin a úsáid go hiomlán, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha eile dá bhforáiltear leis na hionstraimí sin, mar shampla i gcásanna ina sainaithníonn an Coimisiún féin sáruithe ar luachanna an Aontais (amhail sa Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta nó i dtuarascálacha eile) agus i gcás nach gcomhlíonann na Ballstáit moltaí an Choimisiúin nó cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ECHR. Cad iad na feabhsuithe a mholfaidh tú don chreat dlíthiúil seo roimh an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua? Conas a áiritheoidh tú nach ndéanfar cistí a dhíreo ach amháin nuair a chomhlíonfar na garspriocanna gaolmhara maidir leis an Smacht Reachta i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát? Conas a áiritheoidh tú ollstruchtúr comhleanúnach frithchalaoise agus comhar éifeachtach idir na gníomhaithe éagsúla ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus OLAF? Cad iad na gníomhartha a dhéanfaidh tú chun calaois a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac tríd an dlí coiriúil, go háirithe chun OIPE a neartú ó thaobh*

*inniúlacht agus acmhainní ábhair de? Conas a áiritheoidh tú comhar éifeachtach idir forfheidhmiú an dlí, ionchúisitheoirí náisiúnta agus ionchúisitheoirí de chuid an Aontais, go háirithe maidir le comhroinnt faisnéise?*

Tá mé tiomanta leanúint d'fhaireachán grinn a dhéanamh ar staid an smachta reachta sna Ballstáit uile, agus cóir chothrom chomhionann á háirithiú faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Tugann sé sin deis don Aontas bearta a dhéanamh, cuir i gcás íocaíochtaí a chur ar fionraí nó ceartuithe airgeadais, chun buiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit. Mar sin féin, níl sé i gceist leis an Rialachán maidir le Coinníollacht freagairt do sháruithe ar luachanna an Aontais *per se*. Is ionstraim é chun aghaidh a thabhairt ar chásanna atá ábhartha go díreach maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Téitear ar iontaoibh an Rialacháin maidir le Coinníollacht mura féidir úsáid níos éifeachtaí a bhaint as uirlisí eile chun buiséad an Aontais a chosaint. Féadtar bearta a dhéanamh freisin faoin Rialachán maidir le Coinníollacht i gcomhthreo le hionstraimí eile, mar a rinneadh i gcás na hUngáire, nuair a comhlíonadh na coinníollacha freisin le go mbeadh an Coimisiún in ann úsáid a bhaint as an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna agus clocha míle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Cé go bhfuil a cuspóirí agus a rialacha nós imeachta féin ag gach ionstraim, áiritheoidh mé comhordú agus comhréir iomlán san úsáid a bhaintear astu, in éineacht leis na Comhaltaí eile den Choláiste a bheidh i gceannas ar a gcur i bhfeidhm. Ní bheidh drogall orm tacú le dul ar iontaoibh iomlán na gcumhachtaí a bhronntar faoi gach ionstraim ag féachaint le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go héifeachtach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

Agus muid ag féachaint chun cinn, tá mé tiomanta coimircí láidre a thabhairt isteach i dtaca leis an smacht reachta sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Leagadh amach go soiléir sna Treoirlínte Polaitiúla go mbeidh sé ina thasc tábhachtach don chéad Choimisiún eile a chinneadh conas is fearr is féidir le buiséad an Aontais athchóirithe lena neartófar an smacht reachta a chur chun cinn. Chuige sin, foghlaimeoimid ceachtanna ó NextGenerationEU, trínar léiríodh san iliomad cásanna conas is féidir le buiséad an Aontais athchóirithe lena neartaítear an smacht reachta a chur chun cinn. Faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirim i gcás, i dtaca le clocha míle atá nasctha le leas airgeadais an Aontais a chosaint, agus i gcásanna áirithe lena mbaineann clocha míle i réimse an smachta reachta, ní féidir íocaíochtaí ar bith a dhéanamh go dtí go mbeidh na hathchóirithe riachtanacha tugtha isteach ag an mBallstáit lena mbaineann. Agus dá gcuirfí athchóirithe den sórt sin ar ceal amach anseo, féadfaidh an Coimisiún cuid de na híocaíochtaí atá le déanamh a chur ar fionraí.

Ollstruchtúr frithchalaoise comhréireach agus comhar éifeachtach a áirithiú idir na gníomhaithe éagsúla ar leibhéal an Aontais, tá sé sin ríthábhachtach chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus muinín shaoránaigh an Aontais a choinneáil. I ngeall ar an méadú atá tagtha ar choireacht eagraithe san Aontas is gá struchtúir fhrithchalaoise an Aontais a neartú, agus díriú ar dhúbláil a sheachaint, leas a bhaint as comhlántachtaí agus tuilleadh sineirgí a chruthú. Sin an fáth a stiúrfaidh mé athbhreithniú ar an ollstruchtúr frithchalaoise foriomlán atá ceangailte le cosaint leasanna airgeadais an Aontais. San athbhreithniú sin cuirfear san áireamh torthaí na meastóireachtaí atá ar siúl cheana féin ar na gníomhaithe agus na hoifigí lena mbaineann, agus na meastóireachtaí atá ar na bacáin, rud óna bhfaighfear léargais luachmhara a chuideoidh le múnlú an phróisis sin.

Sa chomhthéacs sin cuirfidh mé in ardtosaíocht obair chun cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe a chur chun cinn i leith iarrachtaí frithchalaoise ar leibhéal an Aontais. Chun é sin a dhéanamh beidh gá comhar níos dlúithe a chothú idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, agus gníomhaithe ábhartha eile, chomh maith le deiseanna a fhiosrú chun tuilleadh sineirgí agus tuilleadh comhroinnte faisnéise a bhaint amach. Go háirithe, in éineacht leis an gCoimisinéir nua um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, tabharfaidh mé faoi na tionscnaimh is gá chun an chomhlántacht idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frithchalaoise a mhéadú.

Agus an tábhacht a bhaineann le ról Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh sa chomhrac in aghaidh na calaoise agus an éillithe á haithint, agus in ainneoin srianta dochta an chreata ilbhliantúil airgeadais reatha, d'aimsigh an tÚdarás Buiséadach modhanna chun tacú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus a misean á cur i gcrích aici go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ollstruchtúr frithchalaoise a fheidhmíonn go maith, agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frithchalaoise mar chuid de, tá sé sin ar cheann de na cosaintí agus ráthaíochtaí is fearr atá ann do bhuiséad an Aontais seo againne, agus téann sé chun tairbhe ag an am céanna do bhuiséid náisiúnta na mBallstát. Mar sin de, beidh sé mar thosaíocht agam a áirithiú go bhfaighidh gach gníomhaí in ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais an tacaíocht is gá.

Chuige sin, leis an meastóireacht ar Rialachán Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh atá ar siúl faoi láthair agus gníomhaíochtaí athbhreithnithe eile, leagfar bunchloch síos le haghaidh gníomhaíochtaí féideartha amach anseo a bheadh dírithe ar ról na hOifige sin a neartú i dtaca le coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Tá sé ar intinn agam Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a spreagadh agus leanúint de bheith ag tacú léi agus í ag cur a sainordú i gcrích go rathúil, is é sin díriú ar choireanna in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Tá sé ríthábhachtach don chomhrac in aghaidh coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát go n-áiritheofaí comhar éifeachtach idir an lucht forfheidhmithe dlí, ionchúisitheoirí náisiúnta agus ionchúisitheoirí an Aontais, agus leanfaidh mé de mhonatóireacht ghrinn a dhéanamh ar chomhar na mBallstát le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh faoin Rialachán maidir le Coinníollacht.

D'fhonn comhar idir na gníomhaithe éagsúla a neartú, beidh mé ag obair ar chreat láidir a fhorbairt maidir le malartú faisnéise. Molfaidh mé tionscnaimh fhéideartha a bhunú chun borradh a chur faoi mhalartú faisnéise níos tráthúla agus níos éifeachtaí idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frithchalaoise, lena n-áirítear trí athbhreithniú a spreagadh ar a socruithe oibre nuair is gá, chun comhar réidh a éascú agus urraim iomlán á tabhairt ag an am céanna dá neamhspleáchas i dtaca le himscrúduithe a dhéanamh . Áiritheoidh sé sin aisghabháil phras chistí an Aontais freisin, chomh maith le cur i bhfeidhm beart riaracháin agus sainaithint sáruithe fhéideartha ar dhlí an Aontais, ar sáruithe iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát.

Ar deireadh, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé gníomhaíochtaí coisctheacha frithchalaoise an Choimisiúin a atreisiú agus fiosróidh mé bealaí chun ionchúiseamh coireanna trasteorann a dhéanann difear do chistí an Aontais agus nach féidir leis na Ballstáit a láimhseáil ina n-aonair a éascú. Tríd an méid sin a dhéanamh, féadfaimid leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar bhealach níos láidre agus níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus féadfaimid freisin muinín shaoránaigh an Aontais a mhéadú sna hinstitiúidí agus sa dóigh a ndéanaimid airgead an cháiníocóra a bhainistiú.